

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1708 ÓN gCOIMISIÚN**an 7 Meán Fómhair 2023**

maidir le húdarú úiré a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantaigh a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 839/2012

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta i leith an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 839/2012 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaraíodh úiré ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantaigh a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú úiré a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantaigh a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus san fheidhmghrúpa 'úiré agus a díorthaigh'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Sábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 11 Eanáir 2023 ⁽³⁾ gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil an breiseán fós sábháilte do na spriocspecis, do na tomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha údaraithe atá ann cheana. In éagmais aon fhaisnéis nua ina sholáthraítear fianaise maidir le sábháilteacht an bhreiseáin don úsáideoir, ní raibh an tÚdarás in ann teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht úsáideoirí. Maidir leis an gconclúid ar ar thángthas roimhe seo i ndáil leis an éifeachtúlacht, chuir an tÚdarás in iúl go raibh an chonclúid sin fós bailí. Níor mheas sé go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas le linn an mheasúnaithe a rinneadh i ndáil leis an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar úiré mar bhreiseán beathaithe i gcomhthéacs an údaraithe roimhe seo, ba é meas na Saotharlainne Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c) de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (7) Mar thoradh ar údarú úiré mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 839/2012 a aisghairm.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 839/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 maidir le húdarú úiré mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantach (IO L 252, 19.9.2012, lch. 11).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(2):7821.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Maidir le húdarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chothaitheacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'úiré agus a díorthaigh', déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 839/2012 a aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 839/2012.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg den bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin chothaitheacha. Feidhmghrúpa: Úiré agus a díorthaigh								
3d1	Úiré	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Cion úiré: 97 % ar a laghad Cion nítrigine: 46 % Foirm sholadach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Dé-aimínimeatánón, uimhir CAS 57-13-6, foirmle cheimiceach: (NH ₂) ₂ CO <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Maidir le cion iomlán na nítrigine sa bhreiseán a chinneadh: Tíotraiméadracht (EN 15478) Maidir le sciar na dé-úiréite de chion iomlán na nítrigine sa bhreiseán a chinneadh: Speictreafótaiméadracht (EN 15479) Maidir le úiré i réamh-mheascáin, i mbeatha chumaisc agus in ábhair bheathaithe a chinneadh: Speictreafótaiméadracht (Iarscríbhinn III.D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 152/2009)	Athchogantaigh a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu			8 800	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an bheatha ina bhfuil an breiseán, sonrófar an méid seo a leanas: 'Ná tabhair úiré mar bheatha ach amháin d'ainmhithe a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu. Is de réir a chéile ar cheart úiré a thabhairt mar bheatha go dtí an leibhéal dáileoige uasta. Níor cheart an t-uaschion úiré a thabhairt mar bheatha ach amháin mar chuid d'aistí bia a bhfuil neart carbaihiodráití atá indíleáite go héasca iontu agus nach bhfuil mórán nítrigine intuaslachta iontu. Ba cheart uaschion 30 % den nítrigin iomlán sa chandam laethúil a theacht ó úiré-N.' 2. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	28 Meán Fómhair 2033

⁽¹⁾ Tá sonraí na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga